Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council





TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2025







kildarecoco.ie





Íomhánna ar an gClúdach:

Caint i nDíseart Diarmada leis an Dr. Sharon Greene le linn na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta

An Clós Innealra - Cothabháil Gheimhridh

Plás Laitean

Shackleton

Oscailt Oifigiúil Ghlasbhealach na Canálach Ríoga

Spiorad Bhrighide

Íomhánna ar an taobh istigh den Chlúdach:

Na hEalaíontóirí Eoin McKeown agus Layla Attride

An Iothlainn Aisteach, Léim an Bhradáin

Fiosruithe

Chun teacht ar fhaisnéis maidir leis an doiciméad seo, déan teagmháil le:

Comhairle Contae Chill Dara
Páirc Devoy, An Nás,
Contae Chill Dara W91 X77F

Fón 045 980200
customerservice@kildarecoco.ie

© 2026 Kildare County Council

Ábhar

Réamhrá 4

Ár Ráiteas Físe agus Ráiteas Misin 4
An Comh-Réamhrá 6
Comhaltaí Tofa 8
Cáin Mhaoine Áitiúil 10

Aeráid, Pobal, Comhshaol agus Uisce 12

Gníomhú ar son na hAeráide 13
Pobal 18
Comhshaol 25

Seirbhísí Corparáideacha, Cultúir & Éigeandála 28

Seirbhísí Corparáideacha 29
Seirbhís Leabharlainne Chill Dara 33
Seirbhís Ealaíon Chill Dara 37
Seirbhísí Éigeandála 40

Airgeadas, Seirbhísí Digiteacha, Nuálaíocht & Rialachas 42

Airgeadas 43
Nuálaíocht 46
Teicneolaíocht Faisnéise 49

Tithíocht, Athghiniúint & Daoine 51

Tithíocht 52
Athghiniúint 55
Ailtirí 57
Acmhainní Daonna 58

Comhtháthú agus Bainistiú Straitéiseach Réadmhaoine 61

Comhtháthú 62
Bainistíocht Soláthair & Réadmhaoine 64
Sláinte & Sábháilteacht 67
Inrochtaineacht 70

Pleanáil, Fiontraíocht & Forbairt Gheilleagrach 72

Pleanáil 73
Fiontraíocht, Forbairt Gheilleagrach & Turasóireacht 77

Iompar, Soghluaisteacht & Spásanna Oscailte 82

Iompar 83
Páirceanna & Spásanna Oscailte 86

Aguisíní 88

Aguisín 1: Scéim an Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) 2024-2029 90
Aguisín 2: Coistí na Comhairle in 2025 96
Aguisín 3: Ballraíocht i gComhlachtaí Seachtracha in 2025 98
Aguisín 4: Comhdhálacha ar Freastalaíodh orthu in 2025 101
Aguisín 5: Oiliúint ar Freastalaíodh uirthi in 2025 102
Aguisín 6: Freastal ar Chruinnithe na gComhairleoirí in 2025 104
Aguisín 7: Caiteachas agus Luach Saothair na gComhairleoirí 106
Aguisín 8: An Tuarascáil Chorparáideach ar Dhul Chun Cinn le haghaidh 2025 106
Aguisín 9: Dliteanas um Cháin Charbóin 2025 164
Aguisín 10: An Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais 166
Aguisín 11: Ráiteas Rialachais 172
Aguisín 12: Táscairí Feidhmíochta NOAC 2025 175



RÉAMHRÁ

Ag treorú an bhealaigh i dtreo todhchaí inbhuanaithe agus chuimsitheach

Leagann ár dTuarascáil Bhliantúil 2025 béim ar obair Chomhairle Contae Chill Dara agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil dár bpobail.



Teach an Chartúin, An Cartún, Maigh Nuad

Ár Ráiteas Físe agus Ráiteas Misin

Ár bhFís

Todhchaí inbhuanaithe a chruthú agus caighdeán na beatha a fheabhsú ag an am céanna do mhuintir Chill Dara ar fad.

Ráiteas Misin

An bealach a réiteach i dtreo todhchaí inbhuanaithe agus chuimsitheach ach an cháilíocht saoil a fheabhsú do chách. Féachaimid le bonneagar agus seirbhísí éifeachtúla agus nuálacha a sheachadadh, fás cothrom a chothú, agus pobal nasctha agus bríomhar a fhorbairt trí chomhpháirtíochtaí comhoibritheacha agus rannpháirtíocht leis an bpobal. I gcroílár gach a ndéanaimid tá tiomantas do thairbhe a bhaint amach do mhuintir Chill Dara ar fad.

An Comh-Réamhrá





Sonya Kavanagh, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Dara agus An Comhairleoir Carmel Kelly, Cathaoirleach Chontae Chill Dara

Ba thréimhse shuntasach dul chun cinn agus seachadta é 2025 do Chomhairle Contae Chill Dara, agus muid ag leanúint de chuspóirí Phlean Corparáideach 2025–2029 a chur i bhfeidhm, agus ag freagairt ag an am céanna do na riachtanais athraitheacha a bhaineann le contae dinimiciúil atá ag fás.

Tá Cill Dara fós ar cheann de na contaetha is mó fás in Éirinn agus, le linn 2025, choinnigh an Chomhairle béim láidir ar sholáthar tithíochta, ar bhonneagar inbhuanaithe, ar ghníomhú ar son na haeráide, ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar fholláine an phobail. Díríodh infheistíocht shubstaintiúil ar thithíocht shóisialta agus inacmhainne, ar athghiniúint eastáit agus ar thionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh, rud a léirigh tosaíochtaí beartais náisiúnta agus riachtanas áitiúil.

Gné shainiúil de 2025 ba ea an cheannaireacht leanúnach a léirigh Comhairle Contae Chill Dara i ngníomhú ar son na haeráide. Cuireadh dlús le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024–2029, agus tá dul chun cinn á dhéanamh i Limistéar Dícharbónaithe Mhaigh Nuad mar eiseamláir náisiúnta don nuálaíocht agus do réitigh aeráide faoi stiúir an phobail. I measc na bpríomh-gharspriocanna bhí oscailt an Tí Taispeána i Maigh Nuad, aitheantas do Dheais Féir go Gás ag dámhachtainí digiteacha náisiúnta, agus Deimhniú Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a bhaint amach, rud a léiríonn tiomantas na Comhairle don athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, do phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus do laghdú intomhaiste astaíochtaí.

Ar fud bailte agus sráidbhailte, bhí athghiniúint uirbeach agus tuaithe fós ina príomhthosaíocht. Thacaigh tionscadail réimse phoiblí agus comhfhorbartha áite a cuireadh ar fáil trí Lár Bailte ar dTús, cistí athghiniúna agus infheistíocht i gcáin mhaoine áitiúil le hathbheochan lár bailte agus le féiniúlacht áitiúil neartaithe. Éacht suntasach ab ea oscailt Eispéireas Shackleton i mBaile Átha Í, tionscadal suaitheanta cultúrtha agus turasóireachta lenar cruthaíodh an baile mar cheann scríbe idirnáisiúnta agus a thacaigh le hathghiniúint níos leithne, lena n-áirítear claochlú Chearnóg Emily. Rinneadh dul chun cinn freisin ar ghníomhaíocht athnuachana i mbailte ar nós Dhíseart Diarmada, an Náis agus Mhaigh Nuad, mar aon le hoibreacha caomhnaithe leanúnacha ag príomhláithreáin oidhreachta lena n-áirítear an Scioból Iontach.

Bhí ról tábhachtach ag infheistíocht sa chultúr, san oidhreacht, sa turasóireacht agus in imeachtaí chun beogacht shóisialta agus eacnamaíoch an chontae a fheabhsú. Cuireadh an fhéile Bríd 2025 – Spiorad Chill Dara ar bun mar mhór-bhuaicphointe cultúrtha, ag tacú le 31 grúpa pobail agus cruthaitheachta agus ina raibh ealaíontóirí a bhfuil aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta acu, ealaín phoiblí ar scála mór agus rannpháirtíocht láidir pobail ar fud an chontae. I measc na dtionscnamh suntasach

eile bhí Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla, Blas Chill Dara, cláir Sheachtain na hOidhreachta agus raon leathan gníomhaíochtaí ealaíon, leabharlainne agus cultúrtha a chuirtear ar fáil trí ionaid agus comhpháirtíochtaí na Comhairle.

Lean forbairt, ionchuimsitheacht agus folláine an phobail de bheith mar bhonn taca faoi obair na Comhairle le linn 2025. Cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil trí leabharlanna, comhpháirtíochtaí ealaíon agus spóirt, tionscnaimh aoisbháúla agus ionchuimsitheachta daoine faoi mhíchumas, tacaíochtaí lánpháirtíochta, SICAP, LEADER agus scéimeanna deontais pobail. Le bunú chéad Mhol Sláinteachais Chill Dara, seoladh Thionscnamh Bochtaineachta Leanaí Chill Dara, agus seachadadh pobal sláintiúil agus clár folláine, léiríodh fócas láidir ar ionchuimsiú sóisialta agus ar luath-idirghabháil. Neartaigh comhoibriú le comhpháirtithe reachtúla agus deonacha tuilleadh tacaíochtaí do leanaí, do dhaoine scothaosta, do phobail nua agus do dhaoine aonair atá faoi mhíbhuntáiste.

Rinne Comhairle Contae Chill Dara dul chun cinn freisin maidir le forbairt eagraíochtúil, claochlú digiteach agus nuálaíocht i rith na bliana. Tacaíodh le feabhsuithe ar rialachas, ar dhearadh seirbhíse agus ar rannpháirtíocht custaiméirí le hinfheistíochtaí i gcórais dhigiteacha, sa chibearshlándáil, i bhfeabhsú próisis agus i saineolas foirne. Chuir tionscnaimh nuálaíochta amhail GeoCollect, cláir smaointeoireachta deartha inmheánacha agus bunú Tairsí Nuálaíochta éifeachtúlacht seirbhíse agus trédhearcacht ar fud na Stiúrthóireachtaí.

Rinneadh ról na Comhairle i sábháilteacht an phobail agus freagairt éigeandála a neartú tuilleadh in 2025. Tháinig Stáisiún Dóiteáin nua Mhaigh Nuad i bhfeidhm, rud a chuir le cumas freagartha éigeandála, agus ba é seo an bhliain ba ghnóthaí a bhí ag Seirbhís Dóiteáin Chill Dara. Ba chéim thábhachtach é bunú foirmiúil Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Chill Dara i gcur chuige comhordaithe ilghníomhaireachta maidir le sábháilteacht an phobail ar fud an chontae.

Ag infheistiú i ndaoine, in áiteanna agus i ndeiseanna ar fud Chontae Chill Dara.

Seachadadh an méid a baineadh amach in 2025 trí chomhpháirtíocht láidir idir na Comhaltaí Tofa, an fhoireann, na pobail agus na páirtithe leasmhara. Tá an daonlathas áitiúil fós lárnach d'obair na Comhairle, agus tá an cheannaireacht a chuireann Comhairleoirí ar fáil maidir le treo beartais a mhúnlú agus ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna an phobail ríthábhachtach i gcónaí.

Agus machnamh á dhéanamh againn ar an mbliain, aithnímid an dul chun cinn atá déanta agus na dúshláin atá romhainn. Faoi threoir Phlean Corparáideach 2025–2029, tá Comhairle Contae Chill Dara tiomanta i gcónaí do sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar, ár gcomhshaol a chosaint, tacú le fás ionchuimsitheach agus inbhuanaithe, agus caighdeán na beatha a fheabhsú do gach duine atá ina gcónaí agus a oibríonn i gContae Chill Dara.

Príomhfheidhmeannach
Sonya Kavanagh

Cathaoirleach
Cllr Carmel Kelly

Comhaltaí Tofa

Ceantar Bardasach Chlaonta - Mhaigh Nuad

An Comh. William Durkan	FG
An Comh. Tim Durkan	FG
An Comh. Angela Feeney	LAB
An Comh. Daragh Fitzpatrick	FF
An Comh. Pádraig McEvoy	Neamh-pháirtí
An Comh. Peter Melrose	SD
An Comh. Paula Mulroe	SD
An Comh. Donna Phelan	FF
An Comh. Paul Ward	FF
An Comh. Brendan Wyse	FG

Ceantar Bardasach Chill Dara-Dhroichead Nua

An Comh. Pat Balfe	Neamh-pháirtí
An Comh. Noel Connolly	SF
An Comh. Suzanne Doyle	FF
An Comh. Kevin Duffy	FG
An Comh. Noel Heavey	FF
An Comh. Tom Mc Donnell	Neamh-pháirtí
An Comh. Brian O'Loughlin	FF
An Comh. Peggy O'Dwyer	FG
An Comh. Tracey O'Dwyer	FG
An Comh. Chris Pender	SD
An Comh. Robert Power	FF



Ceantar Bardasach Chill Droichid - Léim an Bhradáin

An Comh. Paul Brooks	FG
An Comh. Bernard Caldwell	FF
An Comh. Rupert Heather	LAB
An Comh. Nuala Killeen	SD
An Comh. Claire O'Rourke	SD
An Comh. Lumi Panaite Fahey	FG*
An Comh. Declan Ryan	FG**
An Comh. David Trost	FF

Ceantar Bardasach an Náis

An Comh. Anne Breen	LAB
An Comh. Fintan Brett	FG
An Comh. Bill Clear	II
An Comh. Ger Dunne	II
An Comh. Carmel Kelly	FF
An Comh. Seamie Moore	Neamh-pháirtí
An Comh. Evie Sammon	FG

Ceantar Bardasach Bhaile Átha Í

An Comh. Veralouise Behan	FF
An Comh. Aoife Breslin	LAB
An Comh. Brian Dooley	FF
An Comh. Ivan Keatley	FG
An Comh. Mark Leigh	LAB

*Go dtí Deireadh Fómhair 2025
**Comhthofa i mí na Samhna

Cáin Mhaoine Áitiúil

Forléargas ar 2025

Leithdháileadh os cionn €5.085m de mhaoiniú don Cháin Mhaoine Áitiúil in 2025 ar na 5 Cheantar Bhardasacha i gCill Dara, rud a chuir le forbairt agus seachadadh na gcéadta tionscadal pobail, tionscnamh comhshaoil, cothabháil contae chomh maith le cláir chruthaitheacha agus chultúrtha.

Is cáin bhliantúil í an Cháin Mhaoine Áitiúil ar réadmhaoine cónaithe, bunaithe ar a luach margaidh agus cuireann leithdháileadh an mhaoinithe seo ar bhonn bliantúil ag Comhairle Contae Chill Dara le caighdeán na beatha agus bonneagar shaoránaigh Chill Dara ar fud 5 Cheantar Bardasach an chontae.

Tionscnaimh ar Tacaíodh leo tríd an gCáin Mhaoine Áitiúil

Thacaigh an Cháin Mhaoine Áitiúil in 2025 go mór leis an méid seo a leanas:

Ag Tacú le Pobail

- Féile Bhríde 2025
- Ciste Nuálaíochta Pobail
- Tionscnaimh Óige agus Pobail
- Soilse Nollag
- Gníomhaíochtaí Spóirt
- Deontais Aghaidheanna Siopa
- Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara
- Deontais Phobail agus Cumann Áitritheoirí
- Féilte Lá Fhéile Pádraig
- Talamh Conláiste, Páirceanna
- Féile Sráide
- Imeachtaí Oíche Shamhna
- Aláraim agus Aláraim Chloigín an Dorais
- Margaí Nollag
- Amharclannaíocht Óige
- Cóir
- Seideanna d'Fhir agus do Mhná
- Gníomhaíochtaí Óige
- Giniúint Ceoil
- Lá na Léitheoirí
- An Iothlainn Aisteach, Cill Droichid
- Clóis Súgartha
- Margadh Prátaí, an Nás
- Clár Leachtanna
- Staidéar Indéantachta ar Chanáil an Chorrbhaile
- Mol Uiscebhunaithe
- Féilte Drámaíochta
- Ceannard
- Féile Manley Hopkins
- Féile an Mheithimh
- Tionscnaimh Ghaeilge de chuid Choiste na Gaeilge
- Ag Tacú le Cultúr agus leis na hEalaíona

- Nascadh
- Féile na hIonchuimsitheachta
- Grúpaí Seanóirí
- Linnte Snámha
- Ceolfhoireann Chill Dara
- Cumainn Cheoil
- Áiteanna a Athrú

Ag Cosaint Ár gComhshaoil

- Maoiniú le haghaidh Bailte Slachtmhara
- An Ciste Nuálaíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Bearta Laghdaithe Gliofosáite
- Cur Crann
- Prúnáil nCrann
- Staidéir Indéantachta, Glasbhealaí agus Bealaí Oidhreachta
- Sráideanna Ciúine
- Taisteal Gníomhach
- Siúlbhealaí
- Tarrtháil ar Fhiadhúlra
- Rotharbhealaí
- Cláir Síolta
- Tionscadail Oidhreachta
- Gairdíní Bithéagsúlachta
- Boscaí Bruscair Urraithe
- Athchúrsáil Crann Nollag

Cothabháil an Chontae

- Uasghrádú agus deisiú cosán
- Cothabháil Bóithre Áitiúla
- Soilsiú Poiblí
- Tionscnaimh Réimse Poiblí
- Freagracht a ghlacadh as eastáit
- Cothabháil Reiligí
- Moilliú Tráchta
- Glanadh Sráideanna
- Comharthaíocht
- Clóis Súgartha
- Deontais Cumann Cónaitheoirí, Eastáit Phríobháideacha agus Eastáit Phoiblí
- Inrochtaineacht

Infheistíocht inár bPobail 2025

Uasghrádú agus Deisiú Cosán	€2.56m
Soilsiú Poiblí	€100,000
Bailte Slachtmhara	€201,500
Páirceanna agus Áineas, cur/prúnáil crann, laghdú gliofosáite.	€785,000
Deontais Phobail, Féilte, Bríd 1500, Soilse na Nollag, Cumann Cónaitheoirí	€1.51m
Leabharlann, Tionscadail Chaipitil agus na hEalaíona	€398,000

Stiúrthóireacht 01

Aeráid, Pobal, Comhshaol agus Uisce

Táimid tiomanta do Chontae Chill Dara a fhorbairt ar bhealach atá níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos cuimsithí don ghlúin reatha agus do na glúine atá le teacht.

01



AERÁID, POBAL,
COMHSHAOL & UISCE

Gníomhú ar son na hAeráide

In 2025, lean Oifig Chomhairle Contae Chill Dara um Ghníomhú ar son na hAeráide d'aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus béim á leagan ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Chill Dara (2024–2029).

Soláthraíonn an plean sin an creat chun tacú le Comhairle Contae Chill Dara an sprioc náisiúnta a bhaint amach maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, agus gníomhaíocht ar son na haeráide á leabú ar fud oibríochtaí agus sholáthar seirbhíse na Comhairle ag an am céanna.



51%

Sprioc chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030.

TRASNA: Abhainn na Life, Cill Droichid

AR DHEIS: Goirt Ghráin, Co. Chill Dara

Forléargas ar 2025


TeachTaispeána

Teach Taispeána

Is tionscadal taispeántais suaitheanta é Teach Taispeána a osclaíodh i mí an Mhárta 2025, a dearadh chun dea-chleachtas a thaispeáint i dtithíocht inbhuanaithe, éifeachtúlacht fuinnimh agus dearadh atá freagrúil don aeráid. Forbraíodh cás-staidéar ina dhiaidh sin ag baint úsáid as sonraí oibríochtúla 2025, le haguisíní teicniúla a chuimsíonn faisnéis chúlra ó fhoinsí ar nós Ollscoil Mhá Nuad, 2EVA agus an Tuarascáil Measúnaithe Fuinnimh.

Conradh um Fheidhmíocht Fuinnimh (EPC) – tús curtha leis an bpróiseas

Cuireadh tús leis an gConradh um Fheidhmíocht Fuinnimh (EPC) trí Nós Imeachta Idirphlé Iomaíoch. Is clár iarfheistithe fadtéarmach ráthaithe é d'fhoirgnimh Chomhairle Contae Chill Dara, ina n-úsáidtear conraitheoir speisialaithe chun coigilteas fuinnimh a dhearadh, a shuiteáil, a chothabháil agus a ráthú le himeacht ama. Cuirfear tús le síniú an chonartha i ndiaidh na céime dearaidh in R2 2026 agus cuirfear an Chéim Oibreacha i gcrích idir R2 2026 – R2 2027. Cuirfear tús le Céim Seirbhíse agus Cothabhála 8 mbliana (ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm) nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe.

Coigilteas Réamh-mheasta an Chonartha Feidhmíochta Fuinnimh:

	Coigiltis Leictreachais(kWh)	Coigilteas Gáis/ Breosla (kWh)	Coigilteas Indíreach ar Astaíochtaí (tCO2)	Astaíochtaí Díreacha Coigilteas (tCO2)
Áras Chill Dara	185,007	588,478	18	120
Ionad Fóilíochta Bhaile Átha Í	-270,266	898,483	-26	184
Ionad Fóilíochta an Náis	-311,473	954,445	-30	195

Deais maidir le Féar go Gás – aitheanta

Cuireadh céim phíolótach thionscadal Féir go Gás i gcrích go rathúil. Tionscadal gníomhaíochta aeráide cliste, sonraíbhunaithe is ea é a iompaíonn bearradh féir ina bhfuinneamh in-athnuaite agus a úsáideann deais dhigiteach chun an buntáiste don chomhshaol a thaispeáint. Gradam as Cur go Mór leis an Domhan ag Gradaim um Chlaochlú Digiteach na hEarnála Poiblí 2025, lena n-aithnítear nuálaíocht, tionchar an gheilleagair chiorclaigh agus ceannaireacht dhigiteach.

ISO 50001

Fuarthas Deimhniú Córais Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 i mí Dheireadh Fómhair 2025 dár riachtanais fuinnimh chorparáideacha.

SEAI Gapt to Target for KCC GHG Emissions





Total and Direct CO_2 Emissions

Seaimpíní Aeráide

Reáchtáladh na chéad Ghradaim Seaimpíní Aeráide CD in R2 2025 agus é mar aidhm leo aitheantas a thabhairt don mhórghníomhú ar son na haeráide, don inbhuanaitheacht nó don obair bhithéagsúlachta atá á déanamh ar an talamh laistigh de Chrios Dícharbónaithe Mhaigh Nuad agus iad a chur chun cinn. Bronnadh gradaim ar 9 mbuaiteoir ar fud na gcatagóirí de ghrúpaí pobail, scoileanna, feirmeoirí agus gnólachtaí ag an imeacht Picnic sa Pháirc i mí an Mheithimh 2025 agus bhí cúigear de na buaiteoirí sin le feiceáil níos déanaí ar an bpodchraoladh "Together for Sustainable Future" chun na gníomhartha atá á ndéanamh a chur chun cinn tuilleadh agus chun daoine eile a spreagadh le leanúint ar lorg na Seaimpíní.



DZ Climate Champions 2025 - Silver Birch Award Winners

Costais Maitrís G2G & coigilteas CO2 de réir cineál gearrtha féir

Ainm an Cháis	A	B	C	D
Cur síos ar an gcás	Bainistíocht Reatha	Bainistíocht Reatha + Bailiúchán Féir	Bainistíocht Ard-Déine + Bailiú Féir	Bainistíocht Déine Íseal + Bailiú Féir
COSTAIS				
Costais Iomlána an Stáisiúin (Turas A)	€0	€2,530	€3,368	€1,043.22
Costais Iomlána AD (Turas B)	€0	€8,955	€12,468	€3,842
Próiseáil Iomlán AD (€0.03/Kg)	€0	€37,625	€51,506	€37,351.27
Costais Iomlána an Chonraitheora	€229,162	€1,072,658	€1,622,056	€442,181
Costais Iomlána	€229,162	€1,121,769	€1,689,399	€484,418
SOCHAIR				
Fuinneamh in-athnuaite a ghintear (Bithmheatán i lítear)	0	297,241	406,901	295,075
Fuinneamh in-athnuaite a ghintear (Bithmheatán i kg)	0	1,254,183	1,716,883	1,245,042
Bithmheatán tonna CO_2e (tCO_2e)	0	13	17	12
Coibhéis díosail (tCO_2e)	0	158	216	157
Coigilteas féideartha tCO_2e i gcomparáid le Díosal	0	146	199	145
Coigilteas féideartha tCO_2e (%)	0	92	92	92
Luach creidmheasa carbóin féideartha (@€65/tCO_2e)	0	€9,463	€12,955	€9,394

Príomhstaitisticí 2025

750–800

CUAIRTEOIR AR AN TEACH TAISPEÁNA

Cuairteoirí measta le 12 mhí anuas.

9

mBUAITEOIR SEAIMPÍNÍ AERÁIDE

Ar fud na gcatagóirí "Pobal", "Feirmeoir", "Scoileanna" agus "Gnó".

5

EIPEASÓID PODCHRAOLTAÍ

"Together for a Sustainable Future" le Buaiteoirí Seaimpíní Aeráide.

DUL CHUN CINN ISO 50001

(Dul Chun Cinn ar Laghdú)

ASTAÍOCHTAÍ CO_2 Ó BHREOSLA IONTAISE

23.7% BAINTE AMACH

SPRIOC 2030 59.5%

ASTAÍOCHTAÍ IOMLÁNA CO_2

33.2% BAINTE AMACH

SPRIOC 2030 78%

FEIDHMÍOCHT FUINNIMH

36.8%

FEABHSÚ ÓN MBUNLÍNE (2009)

GRASS2GAS

295,000–400,000

LÍTEAR BITHMHEATÁN

Giniúint fuinnimh in-athnuaite fhéideartha.



SUAS LE 92%

LAGHDÚ ASTAÍOCHTAÍ CO_2

Laghduithe suntasacha ar astaíochtaí CO_2 a d'fhéadfadh a bheith ann.

NA GRADAIM A BRONNADH

3 **GHRADAM DARACH** (ÓR)

3 **GHRADAM BEITHE GILE** (AIRGEAD)

3 **GHRADAM SCEICHE GILE** (CRÉ-UMHA)

A bronnadh ar bhuaiteoirí Seaimpíní Aeráide.

THÁINIG LAGHDÚ 2.2% AR AN ÍDIÚ FUINNIMH ó 2023 go 2024.**2024.**





AERÁID, POBAL, COMHSHAOL & UISCE

Pobal

Lean an Rannóg Pobail uirthi ag treorú agus ag tacú le tionscnaimh a sholáthraíonn ceannaireacht chathartha, a neartaíonn rannpháirtíocht an phobail agus a fhorbraíonn acmhainn áitiúil ar fud Chontae Chill Dara. Oibríonn an rannóg go dlúth le Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chill Dara chun cur chuige comhordaithe, straitéiseach a sholáthar i leith forbairt áitiúil agus pobail.

Leagadh béim i rith na bliana ar thosaíochtaí an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) 2024-2029 a chur chun cinn, tacú le pobail chuimsitheacha agus cuimsiú sóisialta, sláinte agus folláine a chur chun cinn ar fud an chontae.



IMAGE TOP: Cloak in the Night Sky- Kildare Town

Íomhá thuas: Plean Feidhmithe don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

Forléargas ar 2025





ÍOMHÁ THUAS: Clár Scoile Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara

ÍOMHÁ THUAS: Clár 'An Spórt don Ionchumhachtú' CSCD

Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara

Is é is aidhm di rannpháirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht a mhéadú trí chláir, oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán. I measc na spriocghrúpaí a bhféadfadh rannpháirtíocht íseal sa spórt a bheith acu, tá Daoine faoi Mhíchumas, Daoine Scothaosta, an Óige, Cailíní sna Déaga agus Mná, Mionlaigh Eitneacha agus Pobail faoi Mhíbhuntáiste.

Le linn 2025 bhí Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara ag plé le 27,000 Duine (Go Díreach/Go hIndíreach).

Scéimeanna Deontas

Leanann eagraíochtaí pobail ar fud an chontae de thacaíocht a fháil trí raon scéimeanna deontas atá ag dul i méid. Sa bhliain 2025 amháin, mhaoinigh Comhairle Contae Chill Dara 914 deontas, dar luach €1,750,325, rud a léiríonn ár dtiomantas do phobail a chumhachtú chun tionscadail a fhorbairt a chuireann feabhas ar chaighdeán na beatha do dhaoine ar fud Chill Dara.

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP)

Déanann CFPÁ Chill Dara maoirseacht ar ghníomhartha pobail PÁEP, agus déanann an CBS um Pleanáil, Fiontraíocht agus Forbairt Gheilleagrach maoirseacht ar ghníomhartha eacnamaíocha. Bhí móiminteam an-láidir ar fud PÁEP in 2025 agus 227 as 367 gníomhaíocht PÁEP (62%) curtha i gcrích nó ar siúl faoi dheireadh 2025.



Féile Bhríde 2025 – Spiorad Chill Dara

Bhí an fhéile ar siúl ón 25 Eanáir go dtí an 3 Feabhra, agus bhí ealaíontóirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu le feiceáil lena linn, lena n-áirítear Amble, Bob Geldof, Una Healy, Lyra, Sharon Shannon agus Irish Women in Harmony. Mealladh lucht féachana ó Éirinn agus thar lear chuig léiriúcháin shuaithinseacha lasmuigh amhail Mórshiúl an tSolais de chuid LUXE Landscape Theatre agus taibhithe aeir Fidget Feet. Tugadh tacaíocht do 31 grúpa pobail agus cruthaitheachta trí scéim deontas thiomnaithe €54,204 chun páirt a ghlacadh sa chlár.





THUAS: Irish Women in Harmony – Ráschúrsa an Churraigh

SA LÁR: Bob Geldof – He for She, Bálseomra Dreamland, Baile Átha Í

THÍOS: Brat i Spéir na hOíche (Cloak in the Night Sky) – Baile Chill Dara

An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP)

Ba é €1,697,006 buiséad iomlán SICAP do 2025 agus in 2025 sháraigh SICAP a spriocanna náisiúnta mar a leagtar amach thíos.

Sprioc	Béim	Sprioc 2025	Sprioc 2025 bainte amach
A hAon	Ag Tacú le Pobail faoi Mhíbhuntáiste	72 grúpa	103 grúpa
A Dó	Ag Tacú le Daoine Aonair faoi Mhíbhuntáiste	859 duine aonair	1,157 duine aonair

Clár LEADER Chill Dara

Agus é faoi mhaoirseacht CFPÁ Chill Dara agus curtha i bhfeidhm ag Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara. Formheasadh 7 dtionscadal LEADER in 2025, dar luach €433,139 san iomlán.

Éire Shláintiúil

Thacaigh buiséad €75,000 de chuid Éire Shláintiúil le 7,944 duine leochaileach trí ghníomhaíochtaí sláinte coirp agus níos mó ná 820 duine trí ghníomhaíochtaí folláine.

Pobail Shláintiúla Sláintecare

In 2025, seoladh Tionscnamh Bochtaineachta Leanaí Chill Dara, agus le tionscnaimh Teiripe Saothair agus Trámathreoraithe faoi Stiúir an Phobail, leathnaíodh tacaíochtaí luath-idirghabhála.

- Fuair 161 rannpháirtí tacaíocht trí chláir Teiripe Saothair agus Trámathreoraithe faoi Stiúir an Phobail.
- Ghlac 25 rannpháirtí pobail páirt i Measúnú Caighdeánach Ballyroe Place, ag cur bonn eolais ar fáil go díreach d'fheabhsuithe ar bhonneagar áitiúil agus ar thaitneamhachtaí áitiúla.
- Tugadh tacaíocht do 38 gairmí chun páirt a ghlacadh in oiliúint i gCleachtas Trámathreoraithe le linn 2025.



Gairdín na gCéadfaí PMVT, An Chorrchoill



Seoladh Phróifíl Bochtaineachta Chill Dara



Ionaid Phobail

Lean Comhairle Contae Chill Dara de níos mó ná 20 ionad pobail, teach agus cábán a chothabháil agus maoirseacht a dhéanamh ar a n-úsáid do ghrúpaí pobail. Leanamar freisin le spásanna pobail nua a sholáthar trí réadmhaoin nua a fháil, atá beartaithe le hathfhorbairt agus le hathchóiriú le go mbeidh siad ina n-ionaid phobail i gCill Chuillinn, i nDroichead Nua agus i Maigh Nuad.

Nascadh

Síníodh an Chairt Nasctha idir Ráth Iomgháin, Co. Chill Dara agus Freehold, New Jersey, i mí an Mheithimh 2025. Cuireann an chairt tiomantas an dá phobal ar bhonn foirmiúil chun naisc a fhorbairt agus a neartú trí chumarsáid agus malartú, go háirithe i measc eagraíochtaí san oideachas, sna healaíona, sa spórt, san fhiontraíocht, sa turasóireacht agus sa tionscal eachaí.

D'óstáil an Coiste Idirchaidrimh um Nascadh Bailte Imeacht Líonraithe um Nascadh i mí na Samhna 2025 i Leabharlann an Náis do gach coiste nasctha sa chontae. Tríd an imeacht sin, tugadh coistí nasctha le chéile chun nascadh, caidrimh a chothú, agus smaointe a mhalartú.

Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) Chill Dara

Leanann Comhairle Contae Chill Dara ag tacú le LRP Chill Dara chun cur ar chumas pobal guth agus tionchar níos mó a bheith acu i gcás saincheisteanna agus ar beartas. Tá 863 grúpa cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail.

Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil (CSPÁ) Chill Dara

Le bunú Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil (CSPÁ) Chill Dara, tugtar an Garda Síochána, Comhairle Contae Chill Dara, Tusla, FSS agus ionadaithe ó earnálacha pobail, óige agus oideachais le chéile. Cheap an tAire Dlí agus Cirt CSPÁ Chill Dara go foirmiúil i mí na Nollag 2025 agus tá sé faoi stiúir na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail. Déanfaidh an CSPÁ maoirseacht ar fhorbairt agus ar sheachadadh Plean Sábháilteachta Pobail do Chill Dara.

ÍOMHÁ THUAS: Lyceum Uimh. 80 i gCív - cuairt ar Shackleton

Forbairt Pobail

In 2025, bhunaigh an Rannóg Pobail an chéad Mhol Sláinteachais i gCill Dara. Tagraíonn bochtaineacht sláinteachais don neamhábaltacht íoc as táirgí sláinteachais bunúsacha pearsanta agus teaghlaigh. Tá breis agus 200kg de tháirgí deonaithe ag an bpobal do chomhpháirtithe pobail ó mhí an Mheithimh 2025 i leith. Thacaigh an cúnamh sin le daoine aonair agus le pobail atá thíos le bochtaineacht sláinteachais i gCill Dara.

Clár Aoisbhá Chill Dara

In 2025, bhí os cionn 150 duine i láthair ag Seó Bóthair Chill Dara dar teideal 'Who cares for the older carer', le haoichainteoirí ó Chúramóirí Teaghlaigh Éireann, ón Údarás Árachais Sláinte, ó Mheabhairshláinte Éireann, ón mBord um Chúnamh Dlíthiúil agus ó Alone.



AR DHEIS: Clár Cnocadóireachta Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara

THÍOS: Imeacht LCP – Ag Obair le Chéile



Príomhstaitisticí 2025

27,000

GHLAC 27,000 DUINE PÁIRT

trí chláir chomhpháirtíochta Spóirt Chill Dara.

31 GRÚPA

Fuair siad tacaíocht trí Fhéile Bhríde - Spiorad Chill Dara.

€55,000

Maoiniú rannpháirtíochta na bhféilte a bronnadh.

INFHEISTÍOCHT POBAIL

€1.75M

DEONTAIS PHOBAIL

Maoiníodh 914 deontas.

€1.70M

MAOINIÚ SICAP

Tacaíodh le **103** grúpa agus **1,157** duine aonair

62%

GNÍOMHAÍOCHTAÍ PÁEP

227 as **367** gníomhaíocht a cuireadh i gcrích nó atá ar siúl.

863

GRÚPA COMHALTAÍ LRP

Ballraíocht sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail.

100

GRADAIM AN CHLÁIR FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚIL

Sháraigh an maoiniú **€235,000+.**

7

dTIONSCADAL LEADER A CEADAÍODH

€433,139 d'infheistíocht faighte.

BONNEAGAR POBAIL

Lean Comhairle Contae Chill Dara de níos mó ná **20** ionad pobail, teach agus cábán a chothabháil, agus fuair siad **3** réadmhaoin eile lena bhforbairt mar ionaid nua.



THACAIGH POBAIL SHÁINTIÚLA

8,925

DAOINE

7,944 trí chláir ghníomhaíochta coirp de chuid Éire Shláintiúil

820 trí thionscnaimh folláine

161 rannpháirtithe i bPobail Shláintiúla Sláintecare ar tacaíodh leo trí Theiripe Shaothair agus Cleachtas Trámathreoraithe

AERÁID, POBAL,
COMHSHAOL & UISCE

Comhshaol

Le linn 2025, lean Comhairle Contae Chill Dara de an-dul chun cinn a dhéanamh i gcosaint an chomhshaoil agus i seirbhísí uisce.

Dhírigh príomhghníomhaíocht le linn na bliana ar cháilíocht chomhshaoil, ar fhorfheidhmiú agus ar chomhoibriú pobail, lena n-áirítear rath leanúnach i gcomórtais náisiúnta amhail Bailte Slachtmhara agus Entente Florale, tionscnaimh spriocdhírithe a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar bhruscar agus ar dhumpáil neamhdhleathach, agus Plean Bainistíochta Bruscair nua a ghlacadh (2026–2028).

Ag an am céanna, leanadh den obair ar aistriú seirbhísí uisce go hUisce Éireann, le comhoibriú leanúnach chun tacú leis an bhfoireann, chun cúrsaí oidhreachta a réiteach agus chun an chéim dheiridh den aistriú a chur chun cinn i gcomhréir le socruithe náisiúnta.



An Plean um Bainistíocht Bruscair

Forléargas ar 2025

- Bhain Maigh Nuad stádas Óirchaighdeáin amach i gcomórtas Entente Florale 2025, rud a léiríonn iarracht láidir chomhoibríoch idir Grúpa Bailte Slachtmhara Mhaigh Nuad, Ollscoil Mhá Nuad, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad agus Comhairle Contae Chill Dara.

- Bhí feidhmíocht den scoth ag grúpaí Bhailte Slachtmhara Chill Dara i gComórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2025, ag fáil 11 Bhonn Óir agus 1 Bhonn Airgid. Ainmníodh an Nás mar an Baile is fearr Coinnithe in Éirinn agus an tIonad Mór Uirbeach is fearr Coinnithe in 2025, agus d'éirigh leis an teideal náisiúnta is fearr a bhaint amach sa dá chomórtas.

- Léirigh scéim phíolótach teilifís ciorcaid iata (TCI) ag Cearnóg Edmund Rice, Baile Átha Í éifeachtacht shoiléir mar bheart díspreagthach agus forfheidhmithe chun dul i ngleic le dumpáil mhídhleathach. Faoi réir dianriachtanais mheasúnaithe agus rialachais, déanfar TCI a mheas lena úsáid in áiteanna oiriúnacha eile ar fud an chontae.

- Ghlac an Chomhairle Plean nua Bainistíochta Bruscair (2026–2028) i mí na Samhna. Leagtar amach sa phlean cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha soiléire atá le cur i gcrích i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí agus pobail áitiúla chun cáilíocht an chomhshaoil a fheabhsú tuilleadh ar fud Chontae Chill Dara.

- Clár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil – Tháinig méadú ar líon na gcigireachtaí atá le cur i gcrích ó 162 cigireacht in 2024 go 196 Cigireacht Tosaigh GAP in 2025.

Uisce

Tá aistriú na Seirbhísí Uisce ó Chomhairle Contae Chill Dara go dtí Uisce Éireann sa chéim dheireanach, agus tá sé beartaithe comhtháthú iomlán a dhéanamh faoi dheireadh 2026. Tá an próiseas aistrithe foirne agus athstruchtúrú eagraíochtúil ag dul chun cinn go maith.

Tacaíonn GBRA agus Oifig Idirthréimhse na Seirbhísí Uisce (WSTO) le Comhairle Contae Chill Dara le linn an aistrithe seo. Faoi láthair tá WSTO ag comhordú saincheisteanna foirne, socruithe airgeadais, Comhaontuithe Seirbhísí Tacaíochta, saincheisteanna oidhreachta agus pleanáil aistrithe ar fud an 31 údarás áitiúil go léir.

Leanfaidh WSTO, Comhairle Contae Chill Dara agus Uisce Éireann ag obair ar chostais tréigthe agus scaradh airgeadais a chomhaontú agus ar gach gné de chomhaontú seirbhísí comhroinnte a thabhairt chun críche. Leanfar den obair freisin chun saincheisteanna oidhreachta agus acmhainní daonna a réiteach a mhéid is féidir, roimh an dáta críochnaithe i mí na Nollag 2026.



Leabhrán Entente Florale

Príomhstaitisticí 2025

GNÍOMHAOCHT CHLÁR CIGIREACHTA TALMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA NA GNÍOMHAIREACHTA UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

288 cigireacht a bhaineann leis an talmhaíocht a rinneadh in 2025.

198 Cigireacht Tosaigh GAP a cuireadh i gcrích

14% de na feirmeacha a ndearnadh cigireacht orthu a bhí neamhchomhlíontach

44 litir chomhlíontachta a eisíodh

2 fheirm a tuairiscíodh don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

1,316

BAINISTÍODH 1,316 GEARÁN MAIDIR LE TRUAILLIÚ IN 2025

PLEAN CIGIREACHTA NÁISIÚNTA DO CHÓRAIS CÓIREÁLA FUÍOLLUISCE TÍ 2022–2026

41% de na DWWTS a ndearnadh cigireacht orthu a bhí neamhchomhlíontach.



CLÁR MONATÓIREACHTA 2025 AR CHÁILÍOCHT UISCE SOLÁTHAIRTÍ UISCE PRÍOBHÁIDEACHA BEAGA TUAITHE

88 Soláthar Uisce Príobháideach Beag a cláraíodh i gContae Chill Dara.

98% de Sholáthairtí Uisce Príobháideacha Beaga cláraithe a ndearnadh monatóireacht orthu.

55 samplaí Ghrúpa A a fuarthas

72 Samplaí Grúpa B a fuarthas

7,000+ paraiméadar a ndearnadh tástáil agus anailís orthu

49 sárú ar cháilíocht an uisce a sainaithníodh



CLÁR UISCE TUAITHE - DEONTAIS TOBAIR

35 Iarratas ar Dheontas Tobair a fuarthas

17 nIarratasóir a fuair maoiniú

€69.960.25 maoiniú a bronnadh chun feabhas a chur ar sholáthairtí uisce príobháideacha.

DEONTAIS CHOMHSHAOIL POBAIL

30 Íocaíocht deontais Bailte Slachtmhara

77 Íocaíocht deontais do Choistí Reilige

22 Íocaíochtaí faoin Scéim Deontais DWWTS

FORFHEIDHMIÚ & COMHLÍONADH

214 Fíneáil bhruscair a eisíodh

18 gCás forfheidhmithe ar cuireadh tús leo



STIÚRTHÓIREACHT 02

Seirbhísí Corparáideacha, Cultúir agus Éigeandála

Táimid tiomanta do sheirbhísí corparáideacha den scoth a sholáthar, cultúr dearfach a chothú agus ullmhacht agus freagairt éigeandála éifeachtach a chinntiú dár gContae.

02





SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, CULTÚIR & ÉIGEANDÁLA

Seirbhísí Corparáideacha

In 2025, lean an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha ag tacú le feidhmiú éifeachtach Chomhairle Contae Chill Dara trí phríomhfheidhmeanna rialachais, seirbhíse do chustaiméirí agus tacaíochta eagraíochtúla a sheachadadh. Sholáthair an rannóg seirbhísí céadphointe teagmhála do chustaiméirí, thacaigh sí le comhaltaí tofa agus cruinnithe reachtúla, agus thug sí tacaíocht riaracháin don Phríomhfheidhmeannach agus don Fhoireann Bainistíochta.

Bhí Seirbhísí Corparáideacha i gceannas freisin ar fheidhm meán agus cumarsáide na heagraíochta, bhainistigh siad comhlíontacht le Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí agus Teangacha Oifigiúla, choinnigh siad clár na dtoghthóirí ar bun, agus rinne siad maoirseacht ar bhainistiú saoráidí agus ar raon feidhmeanna comhordúcháin ar fud na stiúrthóireachtaí.

THUAS: Oscailt Oifigiúil Eispéireas Shackleton, Baile Átha Í

TRASNA: Stiúrthóir Seirbhísí Joe Boland, An Comhairleoir Kevin Duffy, Leabharlannaí an Chontae Gillian Allen, ag seoladh Plean Forbartha Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara, 13 Meitheamh 2025 i Leabharlann agus Ionad Cultúrtha an Náis.

Forléargas ar 2025

- D'fhreastail an Fhoireann um Sheirbhísí do Chomhaltaí ar 149 cruinniú reachtúil i rith na bliana, lena n-áirítear beoshruthú 11 Chruinniú Iomlánacha den Chomhairle a thacaigh le seachadadh éifeachtach agus trédhearcach na bpróiseas daonlathach laistigh den Chomhairle.
- Bhí Toghcháin an Uachtaráin agus an tSeanaid in 2025 ina bpríomh-gharspriocanna do Sheirbhísí Corparáideacha chun tacú leis an daonlathas áitiúil. Cláraíodh thart ar 168,600 saoránach chun vóta a chaitheamh i gContae Chill Dara don dá imeacht toghcháin.
- Oscailt an Ionaid Bainistíochta Taifead nua, ag tabhairt taifid fhisiciúla na heagraíochta chuig saoráid atá á bainistiú go hinmheánach, in aice le hÁras Chill Dara.
- In 2025, rinne Seirbhísí Corparáideacha dul chun cinn ar chlár suntasach d'obair cáilíochta sonraí ar chlár na dtoghthóirí chun Clár Chill Dara a réiteach lena aistriú chuig Voter.ie, an córas náisiúnta comhroinnte clárúcháin toghcháin, atá le seoladh in 2026. Ba é príomhaidhm an tionscadail ná seirbhís chlárúcháin ar líne níos fearr a sholáthar do thoghthóirí trí chruinneas agus iomláine chlár toghthóirí Chill Dara a fheabhsú trí phríomhshonraí a ghlanadh agus a bhailíochtú (lena n-áirítear dúblaigh/daoine éagtha/scannáin agus gnéithe seoltaí as Gaeilge).
- Príomh-bhuaicphointe don Fhoireann Cumarsáide in 2025 ab ea an feachtas chun Eispéireas Shackleton a sheoladh.

Certificate of Recognition



Chomhtháthaigh an feachtas rannpháirtíocht na meán, cumarsáid le páirtithe leasmhara, ábhar sóisialta agus digiteach, agus teachtaireachtaí ar an láthair chun dúil a spreagadh roimh an oscailt agus chun spéis an phobail a chothú sna seachtainí ina dhiaidh sin. Cuireadh físeán seolta bolscaireachta ar fáil inar iarradh ar lucht féachana teacht isteach san aon mhúsaem ar domhan atá tiomnaithe do shaol agus d'oidhreacht an taiscéalaí iomráitigh Ernest Shackleton, anseo i gCo. Chill Dara. Thacaigh an físeán leis an seoladh ar fud cainéil éagsúla agus bhí 1,858 amharc ar an bhfíseán.

- I measc na bhfeachtas fógraíochta i nGaeilge in 2025, bhí feachtais dhátheangacha earcaíochta acmhainní daonna, fógraí a bhain le comhairliúcháin phoiblí, dúnadh bóthair, imeachtaí pobail agus leabharlainne agus deiseanna maoinithe. Cuireadh ár bhfeachtas 'Brighid - Spiorad Chill Dara' trí mheán na Gaeilge ar TG4, Raidió na Life agus Raidió na Gaeltachta, agus craoladh ár bhfeachtas 'Eispéaras Shackleton | Shackleton Experience' ar TG4 le linn buaicthréimhsí breathnóireachta, lena n-áirítear fógraí rialta agus fógraí spriocdhírithe trí urraíocht na comhairle ar an gclár faisnéise taiscéalaíochta Antartach Éalú ó Antartica.
- Formheasadh Fodhlíthe Corrthrádála nua do Bhaile Átha Í i gcomhréir le hathfhorbairt Chearnóg Emily chun Eispéireas Shackelton a chomhlánú.





THUAS: Eispéireas Shackleton, Baile Átha Í

SA LÁR: Teastas Aitheantais - Foireann Sinsir Peile Chill Dara

THÍOS: Tacaíocht dár dteanga náisiúnta



Príomhstaitisticí 2025

SEIRBHÍSÍ DO CHOMHALTAÍ

149 as 180
Cruinniú reachtúil ar freastalaíodh orthu

11
Chruinniú Iomlána na Comhairle a craoladh ar an ngréasán

17,088
Cás Ionadaí Tofa a Réitíodh

86%
laistigh den sprioc-amlíne

FOI / DPO

144
Méadú ar na hIarratais Saorála Faisnéise a próiseáladh

FÓGRAÍOCHT

760 Fógra Nuachtáin Foilsithe & **43%** Foilsithe i nGaeilge

AN GHAEILGE

31.27%
de na fógraí a cuireadh i nGaeilge

5.88%
den chaiteachas iomlán fógraíochta a caitheadh ar fhógraí Gaeilge a craoladh ar na meáin Ghaeilge

CUMARSÁID

246
Preasráitis a eisíodh

902
Méadú ar úsáideoirí Aip na Foirne

634
Méadú ar Mheánléitheoirí Míosúla de The Pulse

BAINISTÍOCHT TAIFEAD

7,498
Bosca Taifead a Aistríodh

CEADÚNAIS CHORRTHRÁDÁLA

30
Ceadúnas Corrthrádála a eisíodh

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

175,208
Duine ar Chlár na dToghthóirí

6,775
Duine a cuireadh le Clár na dToghthóirí in 2025



SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

20,236
Cás custaiméirí a réitíodh trí CRM

***90%** laistigh den sprioc-amlíne*

7,200+
Custaiméir siúil isteach ar freastalaíodh orthu ag an gCuntar Seirbhísí do Chustaiméirí

10,146
Custaiméir ar freastalaíodh orthu trí choinne ag Áras Chill Dara

757
Aighneacht comhairliúcháin phoiblí ar consult.kildarecoco.ie

757
Aighneacht a rinneadh tríd an Tairseach Chomhairliúcháin gach bliain



Scríbhneoirí coireachta an Dr Marie Cassidy, Sam Blake, Catherine Ryan Howard agus Andrea Mara le foireann Leabharlann Chill Dara ag Féile Léitheoirí Chill Dara, 11 Deireadh Fómhair 2025 in Ionad Ealaíon Bruach na hAbhann.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, CULTÚIR & ÉIGEANDÁLA

Leabharlann agus na hEalaíona

Lean an tSeirbhís Leabharlainne agus Ealaíon le raon éagsúil seirbhísí cultúrtha, oideachais agus áineasa a sholáthar a thacaíonn le cruthaitheacht, litearthacht agus foghlaim ar feadh an tsaoil ar fud Chontae Chill Dara. In 2025, dhírigh an tseirbhís ar leabharlanna agus soláthar ealaíon a neartú mar mhoil pobail chuimsitheacha, le seoladh Phlean Forbartha Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara 2025–2029, fás leanúnach ar sheirbhísí digiteacha, foghlama agus inrochtaineachta, agus rannpháirtíocht láidir trí fhéilte, taispeántais agus cláir ar fud an chontae.

Thacaigh an tSeirbhís Ealaíon le healaíontóirí agus le pobail trí thaispeántais, cónaitheachtaí agus deontais, leathnaigh sí comhar náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus chuir sí clár leathan imeachtaí cultúrtha saor in aisce ar fáil, rud a threisíonn rochtain phoiblí ar na healaíona agus rannpháirtíocht chruthaitheach do gach aoisghrúpa.



An tOifigeach Cúnta Ealaíon Eláine Donnelly, Jane Sanders, an Comhairleoir Aoife Breslin, an Seanadóir Bernie Sanders agus Leabharlannaí an Chontae Gillian Allen, 25 Bealtaine 2025 i Leabharlann Bhaile Átha Í.

Forléargas ar 2025

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara

- Sheol Comhairle Contae Chill Dara 'Ag Tógáil don Todhchaí – Plean Forbartha Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara 2025-2029', i mí an Mheithimh 2025, plean 5 bliana ina leagtar amach clár oibre claochlaitheach do leabharlanna Chill Dara, agus iad suite mar mhoil pobail chuimsitheacha, nuálacha agus inbhuanaithe. Arna fhorbairt trí chomhairliúchán poiblí fairsing agus faoi threoir straitéisí náisiúnta amhail Is í an Leabharlann an Áit (2023), léiríonn an plean riachtanais athraitheacha dhaonra éagsúil Chill Dara atá ag fás.
- I mí na Bealtaine, d'óstáil Seirbhís Leabharlainne Chill Dara Seó Bóthair Náisiúnta Bhealach an Ghorta Mhóir i Leabharlann Léim an Bhradáin, mar chuid de thionscnamh náisiúnta ina ndearnadh iniúchadh ar oidhreacht agus ar thoradh an Ghorta Mhóir trí scéal an 1,490 siúlóir ó Bhéal na mBuillí go Baile Átha Cliath. Chuir Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann Seó Bóthair Náisiúnta an Ghorta Mhóir i láthair i gcomhar leis na 7 n-údarás áitiúla feadh Chonair Náisiúnta an Ghorta Mhóir.
- D'óstáil Leabharlann Bhaile Átha Í fáiltiú do Sheanadóir na Stát Aontaithe Bernie Sanders agus Jane Sanders an 25 Bealtaine mar chuid den tsraith "Made of Athy", agus mar thoradh air sin nochtadh an phlaic "Made of Athy" ag Reilig Naomh Micheál a dhéanann comóradh ar an amhrán tíre íocónach frithchogaidh "Johnny I Hardly Knew Ye", agus críochnaíodh é le seisiún ceoil thraidisiúnta i gCearnóg Emily O'Brien. Eagraíodh an ócáid go háitiúil, i gcomhthráth le cuairt ar Éirinn ag Féile Robert Tressell agus SIPTU, le tacaíocht ó fhoireann Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chill Dara, agus ón bpobal áitiúil.

- Bhí Féile Léitheoirí Chill Dara 2025 ar siúl ón 4–14 Deireadh Fómhair, ag ceiliúradh leabhar, smaointe agus comhrá i rith 16 imeacht le lucht féachana iomlán de 795. Ba é buaicphointe na féile an painéal Coireachta agus Fóiréinsice fíorspéisiúil leis an Dr Marie Cassidy, Andrea Mara, agus Catherine Ryan Howard. Roinneann ildare Reads, podchraoladh a seoladh in 2025 le tacaíocht ó Éire Ildánach, comhráite ó Fhéilte Léitheoirí Chill Dara roimhe seo chun an fhéile a leathnú thar imeachtaí beo.
